Ráiteas sa Tionól 25 Samhain 08

Tá mé sásta a chur in iúl do Chomhaltaí go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar athchóiriú agus ar nuachóiriú ár gcórais oideachais. Níos déanaí inniu, tabharfaidh mé isteach an chéad bhille den dá bhille, a dhéanfaidh an t-athchóiriú is bunúsaí ar ár gcóras oideachais le breis agus tríocha bliain anuas, agus beidh bunú an Údaráis um Oideachas agus Scileanna ar 1 Eanáir 2010 mar bhuaicphointe aige.

A Cheann Comhairle, ba mhaith liom béim a leagadh ar bhunaidhm an athchóirithe seo. Ní bhaineann an RPA san oideachas le slacht a chur ar chúrsaí riaracháin ná ní bhaineann sé le costchiorrú. Is é is bunaidhm leis ná feabhas a chur ar oideachas: an tseirbhís phoiblí ríthábhactach sin a mhúnlaíonn agus a threoraíonn forbairt ár ndaoine óga agus na deiseanna saoil a bhíonn acu; a chothaíonn pobail láidre, comhtháite; agus a thiománann agus a thugann spreagadh dár ngeilleagar.

Is cuma liom faoi mhionathruithe maorlathais. Is é mo aidhm córas a bheith againn atá oiriúnach don aidhm agus a riarfaidh ar na dúshláin straitéiseacha eacnamaíocha atá romhainn anois agus sa todhchaí. Orthu seo tá:

i. aghaidh a thabhairt ar leibhéal do-ghlactha tearc-ghnóthachtála, agus ag an am chéanna a chur leis an dul chun cinn atá déanta againn cheana féin;
ii. a chinntiú go bhfuil comh-rochtain ann ar churaclam a chomhoiriúnóidh an soláthar atá ann ar riachtanais foghlaimeoirí

agus a chinntiú fosta go gcuireann an t-oideachas le forbairt an gheilleagair;

iii. bainistíocht a dhéanamh ar na socruithe d'aistriú iarbhunscoile;

iv. níos mó ná 50,000 áiteanna scoile breise agus titim leanúnach dhéimigreafach; agus

v. an géarghá leis an eastát scolaíochta a athchóiriú chomh maith lenár gcur chuige ar phleanáil agus ar sholáthar an eastáit;

Is cuid lárnach den chur chuige seo caighdeáin a ardú agus dul i gcionn éagothromas.

Tá cuid mhór éagothromas sa ghnóthachtáil oideachais. Tá an córas ag ligean barraíocht daoine óga síos, rud atá ag fágáil pobail faoi mheath

Tá a lán rudaí inár gcóras oideachais ar féidir linn bheith bródúil astu, ach níl sé inghlactha go mbíonn páiste as gach cúigear ag dul isteach chuig oideachas iarbhunscolaíochta le droch-chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta, agus nach mbaineann beagnach leathchuid dár ndaoine óga 5 GCSE maith nó a gcomhcháilíochtaí amach, lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic.

Conas a thógfaimid sochaí atá bunaithe ar an chomhionannas nuair, i ndiaidh dhá bhliain déag de oideachas éigeantach, ní fhaigheann beagnach leath dár ndaoine óga cáilíocht leibhéal a dó le Béarla agus Matamaitic agus nuair atá bearnas ann idir na gnóthachtálaithe is airde agus is ísle ar tharraing an OECD aird air.

Sin an fáth ar chuir mé ardú caighdeán i gcroílár an athbhreithnithe ar riarachán poiblí.

Bíonn grúpaí áirithe páistí agus daoine óga ar ligtear síos go mór iad mar gheall ar na neamhionannais seo.

Bíonn drochthoradh ann do na pobail lucht oibre go háirithe. Protastúnaigh agus Caitlicigh, buachaillí agus cailíní.

Sa bhliain 2006/07 ba é comhréir na bhfireannach Protastúnach a d'fhág an scoil le níos lú ná 5 GCSE maith (A-C) ná **44%** i gcomparáid le **41%** d'fhireannaigh Chaitliceacha.*

Ba é 79% (519) an chomhréir de fhireannaigh Phrostastúnacha faoi mhíbhuntáiste a d'fhág an scoil le níos lú ná 5 GCSE, i gcomparáid le 64% (895) de fhireannaigh Chaitliceacha faoi mhíbhuntáiste.

Níl GCSE ar bith ag 92% de Thaistealaithe — i gcomparáid le 4% de na fágóirí scoile uilig.

Sa bhliain 2006/07 d'fhág 70% de pháistí nach bhfuil i dteideal Béilte Scoile Saor in Aisce le 5 GCSE ar laghad ag grád A* go C; ag an am chéanna níor éirigh chomh maith sin ach le 38% de fhágóirí scoile a bhí i dteideal Béilte Scoile Saor in Aisce.

Tá cáilíocht níos airde ná leibhéal A ag 12% de dhaoine faoi mhíchumas — i gcomparáid le 26% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Fágann 8.6% de dhaltaí ó mhionlach eitneach an scoil gan GCSE ar bith — i gcomparáid le 3.9% de na daltaí uilig.

Léiríonn na figiúir bhrónacha seo an gá le hathrú bunúsach bheith ann le dul i ngleic le neamhionannas, ach ní léir an scéal iomlán ón méid sin amháin. Tá daoine óga eile faoi mhíbhuntáiste nach gcuirtear san áireamh ar tháblaí figiúrí i gcónaí: máithreacha den aois scoile; páistí – agus cailíní go mór mór - a bhíonn ag fulaingt ó fhoréigean agus ó mhí-úsáid teaghlaigh; páistí faoi chúram; cúramóirí den aois scoile; páistí ó mhionlaigh eitneacha a bhíonn ina n-íospartaigh ciníochais; agus íospartaigh gach cineáil bulaíochta lena n-áirítear bulaíocht hómafóbach.

Is éasca leis na páistí a bhfuil na dúshláin sin rompu éirí beagmhisniúil agus éirí as an chóras oideachais; is éasca leo titim as ár n-amharc agus deireadh dúile a bhaint de gach dóchas an cineál saoil atá ag an chuid is mó againn a bheith acu féin.

Níl cothrom na Féinne ag na páistí sin. Déanaimis ár ndícheall nach ngearrann ár gcóras oideachais an dara pionós orthu.

Ba mhaith liomsa go mbeadh gach scoil ina scoil mhaith, agus ba mhaith liom go mbeadh comhdheis ag gach uile pháiste. Sin an fáth gur rún liom an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna a bhunú le dualgais agus feidhmeanna reachtúla:

- *Mar phleanálaí oideachais;*
- *Mar thacadóir oideachais; agus*
- *Mar rud a chuireann dúshlán faoin oideachas*

Beidh ardú caighdeán ag croílár a fheidhme.

Is clár reachtaíochta aonair é an t-athbhreithniú ar riarachán poiblí. Is é mo chuspóir go gcuirfear i bhfeidhm é tríd dhá Acht, a mbeidh dlúth-cheangal eatarru. Beidh cur i bhfeidhm iomlán an dá Acht riachtanach má tá aidhmeanna an chláir le baint amach. Beidh roinnt réimsí tábhachtacha polasaí — mar shampla, pleanáil bhunaithe sa cheantar den eastát oideachais — sa dá Acht.

Rinne mé breithniú ar leith ar uainiúchán an chur i bhfeidhm. Tá mé cinnte den tábhacht agus den phráinn atá le hathchóiriú bunúsach riarachán an oideachais, as na fáthanna a luaigh mé cheana. Ach caithfear cothromú a dhéanamh idir fuinneamh luath a chur ina shuí agus a choinneáil ag dul agus an gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar roinnt polasaithe tábhachtacha sula gcuirtear athrú struchtúrach i bhfeidhm. Mar sin de, molaim an clár ama seo leanas:

- Tabharfar an chéad bhille isteach sa Tionól inniu le go mbeidh sé ar leabhair na reachtaíochta roimh shos an tsamhraidh 2009.

- Thabharfaí an dara Bill isteach sa Tionól faoi Mheitheamh 2009 le go mbeidh se ar leabhair na reachtaíochta faoi 1 Eanáir 2010, más féidir, agus ar 1 Aibreán ar a dhéanaí.

- Chuirfí tús le forálacha substainteacha an chéad Acht ar 1 Eanáir 2010, mar aon le forálacha an dara Acht, má tá sé réidh.

- Chuirfí an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna ar bun ar 1 Eanáir 2010.

Bhí dianchomhairliúchán ann le páirititheleasmhara agus leis an Choiste Oideachais maidir le forbairt na dtograí seo, agus tá mé buíoch den Choiste as sin. Ar an drochuair, tá roinnt ábhar ann nár thángthas ar réiteach orthu leis an Choiste. Beidh mise agus mo chuid feidhmeannach ag obair sna míonna seo chugainn lena chinntiú go ndéanfar plé iomlán ar chastachtaí an Bhille seo; agus féachfaimid leis na ceisteanna a thóg mo chomhghleacaithe ar an Choiste a fhuascailt go sásúil.

A Cheann Comhairle ba mhaith liom aird na gcomhaltaí a tharraingt ar cheithre ghné ar leith de na tograí beartais atá á dtabhairt anuas agam.

Ar an chéad dul síos, tá an chuntasacht dhaonlathach ríthábhachtach do sheirbhís atá chomh tábhachtach leis an oideachas. Ba é an chéad mholadh go mbeadh idir 8 agus 12 ball ag ESA agus nach gcuirfí áiteanna ar bith in áirithe do ionadaithe tofa áitiúla. Ach ní fhacthas dom go mbeadh ESA ina churadh éifeachtach ar son an oideachais muna mbeadh ionchur daonlathach ann. Mar sin de, rinne mé amach gur chóir do bhunús bhaill an ESA bheith ina gcomhairleoirí áitiúla.

Is é an chuspóir go mbeidh soláthar éifeachtach sofhreagrach seirbhísí ann taobh istigh de chreatlach comhsheasmhach polasaí. Caithfidh an ESA bheith ina eagraíocht aonair ach é dílárithe; beidh láithreacht láidir áitiúil aige agus fócas aige ar sholáthar

áitiúil. Beidh rogha ag bainisteoirí áitiúla agus ag aonaid soláthair freagairt ar shaintosca áitiúla agus ar an ghá áitiúil. Beidh aird acu ar Choistí áitiúla — ar a mbeidh roinnt ionadaithe tofa — agus gheobhaidh siad ionchur uathu. Tá foráil do bhunú na gcoistí seo sa chéad Bhille RPA.

Sa dara cás, i ndiaidh thoradh an athbhreithnithe ar an RPA do rialtas áitiúil, bhí plé dearfach agam leis an Aire Foster agus le NILGA ar thodhchaí seirbhísí óige. Ach níor chuala mé aon argóint éifeachtach ar son seirbhísí óige a aistriú go rialtas áitiúil. Tá mé sásta tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar an ábhar sa todhchaí, ach don am i láthair tá sé fúm na feidhmeanna ábhartha a aistriú go dtí an ESA.

Sa tríú cás, is é an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna a bheas ina fhostaitheoir do gach fostaí sna scoileanna a fhaigheann deontas. Ba é an chuspóir bhunaidh é seo a chur i bhfeidhm in dá chéim. Bheadh na scoileanna rialaithe agus na scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil sa chéad chéim; agus bheadh na scoileanna gramadaí deonacha, na scoileanna faoi chothabháil stáit, scoileanna imeasctha, Gaelscoileanna, agus scoileanna eile a fhaigheann deontas sa dara céim. Bhí imní ar roinnt páirtithe leasmhara, ar chomhghleacaithe ar an Choiste Feidhmiúcháin agus ar an Choiste Oideachais go mb'fhéidir nach gcaithfí go cothrom le gach earnáil scoile dá bharr seo.

Rinne mé breithniú cúramach ar an imní seo. Chuir mé san áireamh an buntáiste a bheadh leis an athchóiriú riachtanach seo a chur i gcrích a luaithe is féidir. Mar sin de, rinne mé amach na

tograí a leasú le go ndéanfaidh an chéad Bhille fostaitheoir de gach fostaí sna scoileanna uile a fhaigheann deontas den ESA.

Sa cheathrú cás, molaim athrú ar na tograí ar rialachas scoileanna a bheas sa dara Bille.

Ba é an rún a bhí agam go mbeadh forálacha sa dara Bille RPA le comhdhéanamh bhoird gobharnóirní sna scoileanna uile a fhaigheann deontas a leasú agus a shimpliú. Ach, mar iarmhairt neamhbheartaithe an athraithe sin, níorbh fhéidir an ceart a chaomhnú atá ag an Transferors' Representative Council (TRC) gobharnóirí a ainimniú do scoileanna rialaithe.

Aithním tábhacht an róil a bhí ag gobharnóirí an TRC thar na blianta, agus an gá atá ann lena chinntiú go leanfar leis an pháirteachas atá acu. Mar sin de, shocraigh mé gan dul ar aghaidh leis na hathruithe molta reachtúla ar rialachas scoile sa reachtaíocht RPA. Coinneofar na forálacha ábhartha reachtúla, agus an ceart a bhíonn ag Aistreoirí le gobharnóirí scoile a ainmniú. Tá sé de rún agam fosta go solathróidh ballraíocht Bhord Gobharnóirí na scoileanna comhdheiseanna agus go léireofar ilchineálacht na bpobal ar a ndéanann siad freastal.

Mar ullmhúchán do bhunú an ESA, beidh sé tábhachtach dul chun cinn a dhéanamh le clár an bhunathraithe agus cónascadh riaracháin agus seirbhísí tacaíochta. Beidh ceannasaíocht éifeachtach ríthábhachtach dó seo. Ceapadh an Príomhfheidhmeannach (ainmnithe) an ESA cheana féin, le foireann bheag tacaíochta. Molaim anois go leanfar leis an

phróiseas chun roinnt oifigeach tábhachtach dara leibhéal a cheapadh a luaithe is féidir, d'fhonn an clár a luasghéarú. Ag breathnú chun cinn, tá beartaithe agam Cathaoirleach agus baill eile den ESA a cheapadh a luaithe is féidir i ndiaidh don chéad Bhille dul tríd an dara céim sa Tionól. I ndáiríre, is dócha go ndéanfar na ceapacháin seo i bhFómhar na bliana seo chugainn.

A Cheann Comhairle, tá súil agam go gcuirfidh an Tionól fáilte roimh na tograí seo, a chuirfidh dúshraith síos le go mbeidh an córas oideachais ann atá tuillte ag ár gcuid páistí. Tá mé ag súil go mór le tuairimí na gcomhaltaí a chloisteáil inniu, agus le díospóireacht chuiditheach agus mé ag tabhairt an reachtaíocht ar aghaidh.